# Cruth 2T Crann Cinnteoireachta

| | |
|---|---|
| **Gné den Mhata** | Cruth agus Spás - cruthanna 2T (shape and space)<br>Láimhseáil Sonraí  - sórtáil, rangú, comparáid a dhéanamh<br>*Naisc Thraschuraclaim – Teanga agus Litearthacht* |
| **Próisis** | **Cinntí a Dhéanamh agus Monatóireacht a Dhéanamh Orthu**<br>• eolas atá de dhíth le haghaidh taisc a shainaithint agus a aimsiú, ag moladh foinsí cuí le teacht ar an eolas<br>**Déanamh Cumarsáide go Matamaiticiúil**<br>• teanga mhatamaiticiúil a thuiscint agus bheith in ann í a úsáid lena gcuid oibre a phlé agus a smaointeoireacht a mhíniú<br>**Réasúnú Matamaiticiúil**<br>• torthaí a sheiceáil agus a mheas le feiceáil an luíonn siad le réasún |
| **Teanga agus Téarmaíocht** | ceathairshleasán, sleasa, uillinneacha, cothrom, comhthreomhar, fritreomhar, buail le, ar dheis, cearnóg, dronuilleog, comhthreomharán, rombas, traipéisiam, eitleog |
| **Áiseanna** | Uirlis Sórtála Mol Mata, crann cinnteoireachta |

## Cur Síos ar an Ghníomhaíocht

### 1 Gníomhaíocht 1

Mar ghníomhaíocht don rang uilig, déanann daltaí a shórtáil ag úsáid crann cinnteoireachta ar líne. Déanann daltaí ceathairshleasáin a shórtáil de réir a saintréithe.

Socraíonn daltaí na cruthanna a leanas

An bhfuil na sleasa uilig cothrom? – Tá – An bhfuil na huillinneacha uilig cothrom? – Tá? Cearnóg

An bhfuil na sleasa uilig cothrom? – Níl – An bhfuil na huillinneacha uilig cothrom? – Tá? Dronuilleog

An bhfuil na sleasa uilig cothrom? – Tá An bhfuil na huillinneacha uilig cothrom? – Níl? Rombas

An bhfuil na sleasa uilig cothrom? – Níl – An bhfuil na huillinneacha uilig cothrom? – Níl? Comhthreomharán

### 2 Gníomhaíocht 2

Roghnaíonn daltaí réimse de chruthanna 2T go randamach (6/8 ar a mhéid) a shórtálann siad de réir a saintréithe difriúla, mar shampla rialta, neamhrialta, a bhfuil línte díreacha air, a bhfuil línte cuartha air. Roghnaíonn siad a n-uirlis sórtála féin (mar shampla, Léaráid Venn, crann cinnteoireachta, Léaráid Carroll, bunliosta sainitheach) don ghníomhaíocht agus sainaithníonn siad a gcritéir féin. Ansin, pléann agus seasann siad lena réasúnú.

## Ceisteanna Samplacha

| Ceisteanna Druidte | Ceisteanna Oscailte |
|---|---|
| • An bhfuil ceithre shlios chothroma ar eitleog?<br>• Cén cruth a bhfuil dhá shlios chomhthreomhara agus dhá shlios fhritreomhara air?<br>• An bhfuil dronuillinneacha ar bith i rombas?<br>• Cén cruth a bhfuil ceithre shlios chothroma air ach dronuillinneacha ar bith ann?<br>• Cá mhéad slios atá ar na cruthanna léirithe?<br>• Cad é is ciall le 'cearnóg'? | • Inis dom cad é mar a shórtáil tú na cruthanna.<br>• Cad chuige ar roghnaigh tú an uirlis sórtála sin?<br>• Cad chuige ar roghnaigh tú na critéir seo?<br>• Cad chuige a bhfuil / nach bhfuil X ina chritéar fóirsteanach? |

## Difreáil

Maidir le daltaí a bhfuil riachtanais fhoghlama bhreise acu, socraigh am (m.sh., ord na sealaíochta) agus rannpháirtíocht de réir mar is cuí.

Socraigh líon cruthanna, castacht na gcritéar, uirlis sórtála úsáidte de réir ábaltacht an dalta.

## Cruth 2T: Crann Cinnteoireachta

